Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12097/25**

**SOC 561**
**EMPL 375**
**SAN 503**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Pascal BOUGIE, lánchomhalta don Ísiltír, in ionad Naomi COLVOORT, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Naomi COLVOORT tar éis éirí as oifig mar lánchomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe eagraíochtaí na bhfostóirí (don Ísiltír).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], is í an Chomhairle a cheapann lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Pascal BOUGIE ainmnithe ag rialtas na hÍsiltíre don suíochán seo ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad lánchomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, a ghlacadh mar mhír 'A', mar a leagtar amach in 12099/25 é, agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.